**‘An Cheird a Bhaineann le gan Fios a bheith agat i dTimpeallachtaí Foghlama: Moladh do chónaitheachtaí ealaíontóirí i scoileanna’**

**Cás-staidéar ar *chónaitheacht Edgware Road Project ag Marylebone* leis an gcomhargrúpa ealaíontóirí *Ultra-red* ag Scoil Naomh Marylebone, Scoil Taibhealaíon agus Amharcealaíon ilchreidmheach de chuid Eaglais Shasana in Iarthar Londan, agus *Nest* leis na healaíontóirí Sarah Cole, Mark Storor, Jules Maxwell, Helen Lowe, Julian Walker agus Rachel Anderson ag Naíscoil agus Bunscoil Briscoe in Basildon, gar do Londain.**

**Cleo Fagan**

….

> Is institiúidí iad scoileanna agus na meáin a bhaineann go dlúth le dioscúrsa, suíomhanna iad ina bhforbraíonn dioscúrsa ina ionad d’fhórsa siombalach, d’fhoréigean siombalach. Bunaítear caidreamh cumarsáideach idir an múinteoir agus an scoláire, idir an taibheoir agus an lucht féachana, áit ina gcleachtann an chéad duine acu siúd, agus iad ina soláthraí ‘fíricí’ oifigiúla, údarás institiúideach ar an dara duine acu.
>
> Is lucht féachana iad na scoláirí agus an lucht féachana agus ídítear iad ina n-éisteoirí éighníomhacha, seachas iad a bheith ina n-ábhair eolais ghníomhacha. An chuid is mó den am cuirtear teorainn leis an bhfrithsheasamh gur féidir a dhéanamh agus gan ann ach an fhéidearthacht stopadh ag tabhairt aird ar an rud. Braitheann forlámhas ar chineál monalóige, ‘comhrá’ ina n-ainmníonn páirtí amháin agus ina dtugann siad orduithe don pháirtí eile, agus go n-éisteann an páirtí eile go difreálach, go socair, go doicheallach, agus iad lán d’fhearg curtha faoi chois, seans. Nuair a chasann an t-éisteoir atá go hiomlán smachtaithe chun dul i mbun cainte, is guth inmheánaithe an mháistir a bhíonn ann. Is é seo an dinimic a bíonn i gceist le gach cos ar bolg a dhéantar ar chine, ar inscne agus ar aicme. Feidhmíonn gach cumhacht cheannasach go séimeolaíoch trí chur in iúl go bhfuil an duine eile ina íochtarán, ina chleithiúnaí, agus iad neamhiomlán...
>
> - Allan Sekula ‘School is a Factory’ 1987-90 [1]

Ar nós formhór daoine atá ag obair i réimse na healaíne san oideachas, creidim go bhfuil tomhaltas eolais go héighníomhach mar thréith i gcórais oideachais scoile na hÉireann (agus an RA), agus go dtraenálann sé seo sinn a bheith inár ndaoine fásta a bhíonn níos éighníomhaí, seans, agus gan sinn a bheith chomh rannphairteach go criticiúil agus a d’fhéadfaimis a bheith dá gcuirfí oideachas difriúil orainn. Is athfhriotal láidir é an ceann thuas ó Sekula, agus tagann sé ó aiste a ndéanann an t-údar cur síos uirthi mar ‘griogadh d’aon ghnó’ [2], ach thabharfainn le fios go bhfuil ábhairín beag den fhírinne ina chuid focal; a n-aontódh neart múinteoirí, baill foirne scoile, tuismitheoirí agus scoláirí leis. I ‘gcomhrá’ chomh haontaobhach leis an gceann a ndéantar cur síos air thuas, cuirtear idirphlé, fiosrúchán agus smaointeoireacht chriticiúil ar leataobh. Tugaim féin le fios chomh maith go bhfuil páirt ag an srian fisiciúil a bhaineann le bheith suite i gcathaoir ag deasc le haghaidh tréimhsí ama chomh fada sin agus sinn inár bpáistí nó agus sinn óg, i dtaca le héighníomhacht a chothú. I saol an lae inniu ina mbíonn daoine gafa leis na scáileáin, ní fheadar an mbíonn claonadh níos mó ná mar a bhí cheana i bpáistí, mar a bhíonn ag daoine fásta, intinní míshuaimhneacha seachránacha a bheith acu atá dínasctha óna gcoirp a bhíonn socair go minic [3].

[1] Allan Sekula in *Education*, Documents of Contemporary Art, Londain, Felicity Allen (eag); Cambridge, Massachusetts: Whitechapel Gallery, MIT Press, 116

[2] Sekula, 115

[3] Deir Mac van Manen ina leabhar *Phenomenology: Phenomenology in Philosophical issues in Educational research* go n-éilíonn oideolaíocht fheiniméaneolaíoch go gcaithfear tosú le feiniméan na hoideolaíochta é féin,

Sa chás-staidéar seo, breathnaím ar chleachtas ealaíne comhaimseartha mar chleachtas ar féidir leis a bheith fiúntach do chomhthéacs na scoile i dtéarmaí cur chuige i leith na foghlama. Fiosróidh mé é seo trí dhá chlár ealaíontóirí cónaitheacha i Londain – *Nest* (2005-2008) leis an ealaíontóir Sarah Cole i gcomhpháirtíocht le Mark Storor, Jules Maxwell, Helen Lowe, Julian Walker agus Rachel Anderson, ag leibhéal na bunscoile i mbruachbhailte Londan, agus *The Edgware Road Project* - cónaitheacht ealaíontóra 4 bliana (2009-2013) ag leibhéal na meánscoile i gcomharsanacht gar do Edgware Road, leis an gcomharghrúpa ealaíontóirí Ultra-Red. Maoiníodh *Nest* faoi scéim Chomhpháirtíochtaí Chruthaitheacha an RA (Thames Gateway). Tionscadal de chuid Dhánlann Serpentine ab ea *The Edgware Road Project.*

I gcás *Nest* beidh mé ag breathnú ar an tslí inar oibrigh an t-ealaíontóir Sarah Cole le daoine eile chun spásanna sábháilte a chruthú le haghaidh léiriú pearsanta agus cruthaitheach laistigh den scoil. Le cónaitheacht *Thionscadal Edgware Road* beidh mé ag breathnú ar an tslí inar oibrigh an comharghrúpa ealaíontóirí *Ultra-Red* le scoláirí chun eolas a thairgeadh a rinne léirmheas ar pholasaithe inimirce agus ar an gcóras oideachais laistigh den RA. I gcás an dá thionscadal, beidh mé ag déanamh nóta maidir le gnéithe ilchéadfacha na hoibre, agus na tionchair a bhí aici.

Leis an téacs seo, is iad múinteoirí, príomhoidí scoile agus iad siúd a mhúineann múinteoirí an lucht léitheoireachta atá ar intinn agam go príomha; toisc go bhfuil mé ag iarraidh tacú le ról ealaíontóirí i scoileanna agus in oiliúint múinteoirí. Tá nádúr na gcónaitheachtaí seo i scoileanna an RA uathúil do na scoileanna inar tharla iad, dar ndóigh. Mar sin féin, ní dóigh liom go bhfuil aon tionchar díreach ag suíomh na gcónaitheachtaí seo sa RA ar a n-ábharthacht i gcomhthéacs na hÉireann. An chúis ar roghnaigh mé na tionscadail seo, seachas an meas atá agam orthu, ná gur chuir na tréimhsí fada agus an cháipéisíocht fhairsing ardchaighdeáin a bhain leo an t-ábhar taighde a bhí de dhíth orm ar fáil le haghaidh fiosrúchán cuimsitheach ar an gcleachtas ealaíne i suíomhanna oideachais foirmiúla. Tuigim gur deacair maoiniú a fháil d'ealaíontóirí chun dul i mbun oibre go suntasach i scoileanna, agus déanfaidh mé plé gairid ar na conairí le haghaidh deiseanna i gcomhthéacs na hÉireann.

**Foghlaim chorpraithe**

I dtéacs John Dewey 'Democracy and Education' (a foilsíodh sa bhliain 1916 agus a bhfuil an-ábharthacht ag baint leis fós sa lá atá inniu ann), tugann sé breac-chuntas ar an tslí ina bhfoghlaimíonn naíonán trí thaithí a fháil ar an domhan lena corp féin, agus í ag fiosrú cúis agus éifeacht trí shíneadh, trí láimhseáil agus trí ghníomhaíochtaí eile a mbaineann freagairt luaile ar spreagthaigh chéadfacha leo. Táirgeann gach gníomh a dhéanann naíonán sa domhain, le réada nó le daoine, freagairt. Go bunúsach, baineann an naíonán triail as rudaí agus foghlaimíonn sí faoin gceangal atá idir rudaí. Tá an t-eolas seo a shealbhaítear go praiticiúil i gcontrárthacht leis an múnla oideachais fhoirmiúil a bhfuil daingneacht modhanna agus dúthracht i dtaobh 'freagraí' cearta mar thréithe ann, agus creideann sé go spreagann torthaí gur cosúil gur éasca iad a thomhas an dúthracht seo. Deir sé dá n-aithneodh gach teagascóir gurbh é caighdeán an phróisis mheabhraigh, seachas táirgeadh freagraí cearta, tomhais an fháis oideachasúil, gur réabhlóid sa teagasc a bheadh ann [4] Is é sin le rá nuair is foghlaim a bhíonn i gceist ní hé an rud atá ar eolas agat atá tábhachtach ach an tslí ina bhfuil sé ar eolas agat.

Cén ábharthacht a bheadh ag cleachtas ealaíne i dtaca le tionchar a bheith aige ar an bpróiseas meabhrach? I dtéacs Emily Pringle, coimeádaí Tate Education, 'The Artist as Educator' tarraingíonn sí ó thuairim an oideachasóra Michael Eraut i dtaobh 'fios conas' mar chineál bonn eolais atá difriúil le 'fios cén fáth', rud a bhfuil féidearthacht níos mó aige ginearálú agus códú a dhéanamh. Deir sí go bhfuil 'fios conas' ealaíonta

---

toisc go bhfaightear taithí air, seachas díreach ó choincheapa fealsúnachta nó teoiriciúla áirithe nó ó smaointe agus luachanna oideachasúla réamhcheaptha a chlaonfadh duine le breathnú i slí srianta ar an dúshlán a bhaineann le páistí agus daoine óga a thógáil agus oideachas a chur orthu. Ní chiallaíonn sé seo gur féidir le duine iad féin a shaoradh óna gcomhthéacs cultúrtha agus stairiúil féin, ach ciallaíonn sé gur féidir le duine iad

féin a chur in oiriúint don tslí ina bhfaightear taithí ar an gcomhthéacs oideolaíoch san am i láthair.'

[4] John Dewey, in *Education,* Documents of Contemporary Art, Londain, Felicity Allen (eag); Cambridge, Massachusetts: Whitechapel Gallery, MIT Press, 30-31

trialach, coimpléascach agus sainiúil don chomhthéacs. Luann sí an t-ealaíontóir agus an t-oideachasóir Roy Prentice mar dhuine a shainaithin an saothar ealaíne mar 'thoradh samhlaíochta' a chuimsíonn 'am t-eolas a bhí de dhíth chun é a tháirgeadh' [5].

Leis an smaoineamh seo go gcuimsíonn ealaíon an t-eolas a theastaíonn chun é a tháirgeadh tagaim chuig cónaitheacht *Ultra-Red* mar chuid de Thionscadal Edgeware Road, ach sula dtugaim aghaidh ar an bpointe seo tabharfaidh mé réamhrá maidir leis an tionscadal.

***Ultra-red* agus Tionscadal Edgeway Road: réamhrá**

Mhair an chónaitheacht ealaíontóra le *Ultra-Red* ar feadh cúig bliana ag Scoil Naomh Marylebone, scoil Taibhealaíon agus Amharcealaíon ilchreidmheach de chuid Eaglais Shasana in Iarthar Londan. Tugann cur síos le haghaidh taispeántais sa bhliain 2013 - ceann de thorthaí poiblí an tionscadail - léargas maith dúinn:

> Ar nós formhór scoileanna eile i Londain, tá éagsúlacht i measc scoláirí scoil Naomh Marylebone. Is teifigh, iarrthóirí tearmainn nó imircigh nua sa Ríocht Aontaithe iad neart de na scoláirí. Dá bhrí sin, tá práinn ar leith le saincheisteanna dlí a bhaineann le saoránacht stáit laistigh den scoil. Bíodh sin amhlaidh, ní hé seo an t-aon chineál saoránachta a gcaithfidh na scoláirí déileáil léi. Tá scoileanna riachtanach maidir le táirgeadh na saoránachta sóisialta, lena mbaineann daoine óga a ullmhú le bheith rannpháirteach go gníomhach agus go táirgiúil sa saol sibhialta agus pobail. Agus iad ag freagairt do na saincheisteanna seo, threoraigh *Ultra-red* scoláirí trí shraith gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus trí shiúlóidí fuaime tríd an gcomharsanacht ina dtimpeall. D'éist siad leis an scoil, leis an gcathair agus lena chéile. Lonnaigh an éisteacht seo grúpaí san am i láthair agus thug sí ceisteanna móra na saoránachta isteach i ngníomhaíochtaí laethúla na scoile agus na cathrach.
> I dteannta a chéile, rinne siad machnamh ar an tslí a mbíonn tionchar ag rialacha, rialúcháin agus gnásanna sóisialta ar fhoghlaim agus ar fhíseanna don saol i ndiaidh na scoile.[6]

I scannán tionscadail, thug an coimeádaí agus ball de *Ultra-red* Janna Graham tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas agus í ag insint dúinn gur oibrigh 150 scoláire le baill de *Ultra-red* agus le gníomhaithe a thug *Ultra-Red* isteach sa bhliain 2009. As na nótaí (na 100ta leathanach smeach-chairte) a glacadh ar na 'siúlóidí fuaime', tháirg Robert Sember ó *Ultra-Red* leabhar iomann. Dearadh an leabhar iomann chun go n-úsáidfí é in áit nó i dteannta an leabhair a úsáideadh don tseirbhís a bhíodh acu dhá uair sa tseachtain. Canadh na hiomainn beo don ócáid oscailte. Sna blianta ina dhiaidh sin úsáideadh an leabhar iomann mar fhoinse ábhar le haghaidh scoláirí eile agus iad ag cruthú a gcuid saothar ealaíne féin. Sa chéad bhliain, táirgeadh roinnt saothar amharc-ealaíon agus taibhithe, agus cuireadh críoch leis le taibhiú ildisciplíneach. Bliain ina dhiaidh sin, chuir scoláirí na hamhráin in iúl trí chóiréagrafaíocht rince. Taifeadadh an chóiréagrafaíocht rince agus taispeánadh í ar fíor-mhéid laistigh d'uaimh de chuid séipéal áitiúil. Tagann saothar eile ó scoláirí a d'fhreagair sraith ceisteanna, cuid díobh a raibh baint acu le saincheisteanna oideachais agus cuid díobh a bhain leis an gcomharsanacht. Rinneadh eagarthóireacht orthu seo le fuaimeanna agus le hábhar stairiúil ón gcomharsanacht.[7]

---


[5] Emily Pringle (2009), 'The Artist as Educator: Examining Relationships between the Art Practice and Pedagogy in the Gallery Context' in Tate Papers, Earrach 2009, 2

[6] Ó chur síos taispeántais ag Dánlann Serpentine: RE:ASSEMBLY Ultra-red agus The St Marylebone Church of England School 18 – 21 Aibreán, 2013; rochtain ar an 13 Bealtaine 2019: https://www.serpentinegalleries.org/exhibitions- events/ultra-reds-reassembly

[7] Scannán tionscadail, rochtain ar an 14 Bealtaine 2019 https://vimeo.com/63868467



*Fíor. 1* Teilgean fíormhéid de thaifead na gcóiréagrafaíochtaí rince, '*Songs for Edgware Road, Radharc an suiteáin ag St Marylebone Parish Church, crypt, RE-ASSEMBLY exhibition 2011-2013, (18 Aibreán- 21 Aibreán 2013) Grianghraf © 2013 Jon Lowe*




*Fíor. 2 Leabhar iomann, radharc suiteáin Songs for Edgware Road, Radharc suiteáin ag Séipéal Paróiste Naomh Marylebone, uaimh,*
*RE-ASSEMBLY exhibition 2011-2013*
*(18 Aibreán - 21 Aibreán 2013) Grianghraf © 2013 Jon Lowe*

Spreagadh duine de na múinteoirí i Scoil Marylebone - Stephanie Cubbin - a raibh baint aici leis an tionscadal agus a bhí gníomhach ann, 'curaclam' ailtéarnach a scríobh, le *Ultra-Red*, bunaithe ar na gníomhaíochtaí ar thug *Ultra-Red* agus na scoláirí fúthu. Tá an teideal *A Subverted Curriculum* air seo agus tá sé ar fáil ar líne do dhaoine eile.[8] Toisc go ndéanann sé cur síos ar ghníomhaíochtaí agus ar mhodhanna na cónaitheachta, beidh ábhar ar leith ón gcuraclam seo á úsáid agam chun féachaint ar an tslí inar chuimsigh an saothar a tháirg na scoláirí agus *Ultra-Red* an t-eolas a bhí de dhíth chun é a tháirgeadh.

**Léirmheas cruthaitheach a cheangail an córas oideachais agus polasaithe inimirce**

Sa chéad chuid den churaclam, déantar cur síos ar phróiseas agus ar mhodh i dtaca le coincheap na saoránachta a fhiosrú. Mar chuid den fhiosrúchán seo tugtar achoimre[9] ar ghníomhaíochtaí áirithe amhail 'triail shaoránachta' an stáit. Ní an triail seo ródhifriúil le triail ar scoil a bhraitheann ar

---

[8] The Subverted Curriculum; rochtain ar an 23 Bealtaine 2019; https://www.serpentinegalleries.org/files/downloads/a_subverted_curriculum_final.pdf [9] Ibid, 11–15, rochtain ar an 23 Bealtaine 2019

fhíricí a cuireadh de ghlanmheabhair a thabhairt chun cuimhne arís. Baintear úsáid as modh na trialach seo, agus na ceisteanna a chuirtear ann, mar shlí chun meas a dhéanamh ar na critéir a chuireann an stát i bhfeidhm chun daoine a chuimsiú nó a eisiamh ón bpróiseas chun a bheith i do shaoránach sa RA. Ceistítear na luachanna nó an réasúnaíocht atá mar bhonn leis an bpróiseas roghnúcháin seo arís trí phlé leantach ina bhféachtar ar dhéscaradh na saoránachta 'sóisialta' laethúla i gcomparáid le réaltacht dhlíthiúil na saoránachta 'stáit'.[10] Seans go léireofaí cosúlachtaí do scoláirí a bhíonn rannpháirteach san fhiosrúchán seo idir an córas oideachais rangaithe agus ordlathach a bhfuil siad mar chuid de, agus an córas saoránachta stáit rangaithe atá eisiach d'aon ghnó, a mbíonn ar imircigh sa RA aghaidh a thabhairt air. Tá creat tógtha ag *Ultra-Red* chun go ndéanfaidh na scoláirí machnamh ar na rudaí seo iad féin, trí mhodh nach bhfuil teagascach, agus bíodh agus go gcuireann sé treoir ar fáil seans go bhfuil níos mó spáis ann le haghaidh ceisteanna ná mar atá le haghaidh freagraí.



*Fíor 3 Ultra-red RE:ASSEMBLY 2009 Civis Sum performance at The St Marylebone Church of England School*
*Grianghraf: Mark Blower © 2013 Ultra-red*

---

[10] From A Subverted Curriculum: 'Rialaíonn teorainneacha, dlíthe, na póilíní agus an t-arm saoránacht an rialtais, an rud a ghlaoigh an fealsúnaí Etienne Balibar saoránacht 'Stáit' air, agus cinneann sé sin an rochtain a bhíonn againn ar chearta ar leith amhail post, cúram sláinte agus oideachas fiú amháin. Tá an cineál seo saoránachta ar nós bosca – bíonn tú istigh ann, mar shaoránach "nádúrtha" nó lasmuigh de, mar "choimhthíoch mínádúrtha." Baintear úsáid as an tsaoránacht seo chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine áirithe mar dhaoine mídhleathacha. Cáineann daoine a bhíonn ag troid ar son cearta imirceach an rangú seo go láidir agus iad ag rá gur leithcheal atá i gceist leis agus gur dídhaonnú é. Ní saoránacht dhlíthiúil í saoránacht an ghnáthshaoil, a nglaonn Balibar saoránacht "Shóisialta" nó "Ghníomhach" air. Ní féidir le haon duine a bheith mídhleathach sa chineál seo saoránachta. Tá saoránacht ghníomhach bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar chaidrimh. Cén seasamh atá againn inár dteaghlaigh, inár bpobail, inár sochaithe? Tá saoránacht ghníomhach bunaithe ar a bheith ceangailte le daoine eile, ar an tslí ina n-oibrímid ar mhaithe leis an tsochaí ina hiomláine trí bheith inár n-altraí, mar shampla, nó trína chinntiú nach gcaithfidh aon duine a bheith gan dídean. Tá sé bunaithe freisin ar an tuiscint go bhfágann daoine a gcéad áiteanna baile uaireanta agus iad sa tóir ar obair nó ar shábháilteacht agus go dtéann siad ar imirce chuig áit eile ar domhan agus iad ag súil go mbeidh siad ábalta post a bheith acu agus rannpháirtíocht eacnamaíoch a bheith acu sa tsochaí. Is cosúil gur rud é an mhian seo i dtaca le sábháilteacht, beatha bríoch agus sonas a bheith againn gur féidir linn ar fad a thuiscint agus go mbeadh súil againn go mbeadh meas ag daoine eile orainn dá ndéanfaimis cinneadh nó dá mbeadh orainn bogadh chuig áit eile ar domhan riamh.' Cubbin, Stephanie, le Ultra-Red, *The School and the Neighbourhood: A Subverted Curriculum,* lgh 17 – 18, Possible Studies Pamphlets, Hato Press, 2016; rochtain ar an 23 Bealtaine 2019

Agus é ag tógáil ar an bhfiosrúchán seo déantar cur síos ar phríomhghníomhaíocht chruthaitheach in *A Subverted Curriculum* – na siúlóidí fuaime. Thug na scoláirí faoi na siúlóidí seo agus ceisteanna réamhchinnte acu, a cruthaíodh laistigh dá ngrúpaí i gceacht roimhe sin, an critéir a bhain leis na ceisteanna ná go gcaithfidís a bheith bunaithe ar 'rud ar mhaith leis an grúpa foghlaim faoi i dtaca leis an tsaoránacht sa ghnáthshaol sa chuid seo de Londain'.

Treoracha le haghaidh na siúlóidí fuaime, ón gcuraclam, leathanach 23:

> Tá roinnt rudaí ar féidir a bheith ag faire amach dóibh agus é seo (an tsiúlóid) á dhéanamh againn. Is féidir le siúl chuig áit agus siúl ar ais ón áit chéanna cabhrú linn an áit féin a thuiscint. Ní hann d'aon áit nach bhfuil ceangal aici leis an domhan mór. De réir mar a shiúlaimid ó shuíomh na scoile, bí airdeallach. Tabhair aird ar na fuaimeanna difriúla agus ar na gnéithe físiúla éagsúla den aistear. Iarr ort féin conas mar a athraíonn an chathair de réir mar a shiúlaimid ón scoil chuig an gceann scríbe. Scríobh na breathnuithe seo in bhur leabhair nótaí.

Tugtar cuireadh breathnú a dhéanamh ar na loirg céadfacha a bhaineann leis an timpeallacht athraitheach a chuirtear ar fáil nuair a shiúltar trí chomharsanacht.

Leathanach 23:

> [Seas socair agus go ciúin ar feadh 2 nóiméad]. Anois agus sinn anseo, glacaimis dhá nóiméad chun éisteacht go ciúin leis an áit ionas gur féidir linn sinn féin a lonnú anseo go hiomlán agus ionas gur féidir linn éirí airdeallach ar shonraí na háite seo.
>
> ii. Siúil timpeall ar imeall an tsuímh go ciúin lena chéile. Nuair a thagann tú ar ais chuig an áit inar thosaigh tú, fiafraigh: "Cad a chuala tú?" "Cad a chonaic tú?" "Cad atá ar eolas agat faoin áit seo anois?" "Cad eile ar mhaith leat a bheith ar eolas agat faoin áit seo?" [déan taifead de na freagraí i leabhar nótaí]
>
> "Táimid chun siúl ar ais chuig an scoil anois... Mar a rinneamar agus sinn ar an tslí anseo, tabhair aird ar an méid atá i do thimpeall agus tú ag siúl, le do thoil. Cén pointe go díreach a déarfá go bhfuilimid tar éis an limistéar áirithe seo a fhágáil agus bogadh ar aghaidh chuig limistéar eile?[11] Conas a chloiseann tú agus a conas a fheiceann tú an difríocht sin?
> Cén fáth a bhfuil difríocht ann? Cad a insíonn an t-aistear duit faoin gceantar ina bhfuil an scoil suite...?

Tá braistint anseo de gan fios a bheith agat ach ina ionad sin a bheith ag fiosrú agus ag baint úsáid as smaointeoireacht chruthaitheach oscailte chun breathnú ar an ngnáthshaol ar bhonn níos géire. Tarraingíonn an dul i ngleic le caolchúis céadfaí na cloisteála agus an radhairc aird ar mhiondifríochtaí, de réir mar a léirítear sna ceisteanna: "Cad a chuala tú?" "Cad a chonaic tú?" agus "Cad atá ar eolas agat faoin áit seo anois?" Meallann nascadh céadfaí na cloisteála agus an radhairc eolas corpartha agus meallann an cheist dheireanach 'cad eile ba mhaith leat a bheith ar eolas agat faoin áit seo?' fiosracht i dtaobh tuilleadh fiosruithe - cás oscailte nach bhfuil an t-eolas agat ach go bhfuil tú ag déanamh iontais.

Tá tréith éigean a bhaineann leis an saghas iontais seo, leis an rannpháirtíocht mhachnamhach seo leis na céadfaí, mar aon leis an bhfiosrúchán criticiúil, a nascann áthas, foghlaim, agus, de réir mar a bhím ag iarraidh an chéad tagairt eile a bheidh agam a léiriú,

eitic.

[11] Fiosrúchán fíorshuimiúil i dtaca le coincheap na dteorainneacha.

Is leabhar leis an teoiricí polaitiúil Jane Bennett é *'The Enchantment of Modern Life, Attachments, Crossings and Ethics'.* Sa téacs seo déanann Bennett argóint ar son na tábhachta a bhaineann le draíocht saolta, nó braistint iontais, mar leigheas ar an míshásamh nua-aimseartha agus ar an lagsprid a d'fhéadfadh sé sin a spreagadh:

> Is é atá i gceist le bheith faoi dhraíocht ag rud éigin ná go mbeifeá corraithe crite ag na nithe iontacha a bhíonn ann i measc na ngnáthrudaí laethúla a bhfuil cur amach againn orthu... Más amhlaidh go ndeir saíocht síceolaíochta go gcaithfidh tú grá a bheith agat duit féin sula mbíonn grá agat do dhuine eile, cuireann mo scéalsa in iúl go gcaithfidh tú grá a bheith agat don saol sular féidir leat suim a chur in aon rud. Is é an ghealltúint atá ann ná go gcaithfidh duine a bheith tógtha le bheith ar an saol agus a bheith faoi dhraíocht aige anois agus arís ionas go mbeadh sé ábalta roinnt de na hacmhainní ganna daonna atá acu a dheonú chun freastal ar dhaoine eile. I reacaireacht chultúrtha an mhíshásaimh, ní maith an rud iad na féidearthachtaí i dtaca le grá a bheith agat don saol – nó fáiltiú roimh na domhan mór. Conas a d'fhéadfá grá a bheith agat do shaol ar leithlis ar phláinéad marbh? Mura mbíonn teagmháil ag duine, faoi thionchar an scéil seo, le himeachtaí nó le beitheanna a spreagann ceangal áthasach, is dócha go gcaillfear an fonn gan trácht air agus mar sin gan aon ionchorprú níos suntasaí a dhéanamh air.[12]

D'fhéadfaí réasúnaíocht Bennett anseo a úsáid chun argóint a dhéanamh ar son luach na healaíne nó na háilleachta inár saol, agus san oideachas foirmiúil. Sa chur síos a dhéanann sí ar dhraíocht, nó ar iontas, déanann sí cur síos ar dhraíocht a eascraíonn ó na céadfaí:


> Tugann tú dathanna nua faoi deara, aithníonn tú sonraí a ndearnadh neamhaird orthu cheana, cloistear fuaimeanna iontacha, de réir mar a ghéaraítear agus de réir mar a neartaítear tírdhreacha céadfacha a bhfuil aithne agat orthu. Tagann an domhan chun beatha mar chnuasach rudaí aonair.
> Mar sin áirítear staid sceitimíní nó géarghníomhaíocht céadfach leis an draíocht. A bheith faoi dhraíocht ag an iontas agus go síobfadh na céadfaí tú, a bheith gafa agus a bheith neamhairdiúil – comhartha den draíocht atá i gceist leis an gcnuasach aisteach éifeachtaí coirp seo.[13]

Sa tionscadal seo, d'fheadfaí a rá gur chuir *Ultra-red* na scoláirí i ngleic le heispéireas aeistéitiúil ilchéadfach a bhí machnamhach agus áthasach chomh maith seans, nó go raibh sé mothaitheach ar a laghad. Ach an ghníomhaíocht seo a chur le fiosrúchán criticiúil, seans gur spreag sé na scoláirí dul i ngleic le cúram agus le smaointeoireacht ag leibhéal níos doimhne ar thopaic na bpolasaithe inimirce agus an ábhartharthacht a bhain leis an topaic ina gceantar.

Mar a luadh cheana, bhí leabhar iomann a d'fhéadfaí a úsáid in áit nó i dteannta an leabhair a úsáideadh ina seirbhís reiligiúnach dhá uair sa tseachtain i measc na saothar ealaíne a d'eascair ón bpróiseas seo.
Is compántas ealaíne iad *Ultra-red* a théann i ngleic le fuaimeanna den chuid is mó, agus mar sin is oiriúnach é gur saothar fuaime a bhí sa saothar a tháirg siad leis na scoláirí rannphháirteacha. Sa phróiseas a raibh cruthú an tsaothair seo mar thoradh air, chuir na scoláirí agus *Ultra-red* an cheist 'Cad é fuaim na saoránachta?'. Mar a deirtear sa téacs a chuaigh leis an taispeántas *Re-assembly*, d'éist siad 'leis an scoil, leis an gcathair agus lena chéile'. Agus ansin labhair siad, agus d'éirigh na machnaimh labhartha seo ina gcuid den leabhar iomann, saothar ealaíne comhoibríoch a cruthaíodh le haghaidh pobal meáin a gcomhscoláirí agus a múinteoirí, a rachfar i ngleic leis in ionad seirbhíse reiligiúnaí, a d'fhéadfaí a rá gur áit í ceisteanna eitice agus moráltachta a mheas.

[12] Jane, Bennett. 2016. *The Enchantment of Modern Life: Attachments, Crossings, and Ethics*. Rights, Action, and Social Responsibility. Princeton: Princeton University Press, 11

[13] Ibid, 12




*Fíor 4 Ultra-red, RE:ASSEMBLY, Songs for Edgware Road,*
*Installation view at St Marylebone Parish Church, crypt, RE-ASSEMBLY exhibition 2011-2013*
*(18 Aibreán - 21 Aibreán 2013) Grianghraf © 2013 Jon Lowe*

**Nest – ag maolú an spáis institiúidigh**

Tionscadal i mbunscoil gar do Londain a bhí i gceist le *Nest.* Agus é á threorú ag an ealaíontóir Sarah Cole, bhris sé na teorainneacha idir an scoil agus an baile, rud a chuir in iúl, de réir mar a dúirt an t-ealaíontóir Sarah Cole 'ag leibhéal na bunscoile tá tréadchúram na bpáistí ina mheascán idir tuismitheoirí agus oideachasóirí scoile' agus a chur an creideamh a bhí aici go dtarlaíonn formhór na foghlama lasmuigh den seomra ranga i bhfírinne in iúl comh maith. Tá réamhrá maidir le *Nest* le fáil thíos. Tógadh é ón téacs '*Cuckoos in the Nest: Performing place, artists and excess'* a scríobh Sally Mackey, Ollamh Amharclannaíochta Feidhmí agus Taibhiú ag Ollscoil Londan, agus Sarah Cole.

> Is é a bhí i gceist le *Nest* (2007-08) ná an chéim deireanach de chónaitheacht ealaíon trí bliana a bhí ar bun i mBunscoil agus Naíscoil Briscoe (Briscoe), scoil ar imeall Basildon, gar do Londain, an Ríocht Aontaithe, ina raibh tuairim agus dhá chéad páiste 3-11 bliana d'aois. Forbraíodh Nest ó fhiosrúchán tosaigh níos leithne dar teideal *Lie of the Land* (2005–07)…. An príomhrud a bhí mar bhonn ag an tionscadal seo ná fiosrúchán a dhéanamh ar na caidrimh dhéfhiúsacha a bhí ag pobal Bhunscoil Briscoe lena ómós áite. Agus straitéisí ón tseandálaíocht, ón oideolaíocht agus ón taibhiú á n-úsáid, coimisiúnaíodh ealaíontóirí chun dul i ngleic le hearnálacha difriúla sa scoil: comhairle na scoile, an fhoireann tacaíochta foghlama, an grúpa tuismitheoirí, na múinteoirí, foireann lár an lae na páirce imeartha, na daltaí ar dúradh go raibh 'bua agus cumas' iontu, agus iad siúd ar aithníodh go raibh riachtanais speisialta acu nó a raibh teacht orthu i mbun spaisteoireachta lasmuigh den rang. Bhí baint ag an scoil uile leis, agus breis agus 120 duine a raibh baint níos mó acu leis... rinneadh taibhiú promanáide de *Nest* ar an Domhnach, 24 Feabhra 2008, inar

tháinig an lucht féachana isteach sa scoil le meon Bhliain 6 (10/11 bliana d'aois) agus gur thaistil siad siar chuig staid an naíonáin trí cheithre shuiteán déag. Tháinig claochlú ar an scoil. Scríobh tuismitheoirí focail le hithir ar urlár an halla, d'athraigh an múinteoir isteach ina Bo Peep agus dhá chaora ina hoifig, bácáladh 500 francach aráin agus 'Rat in Mi Kitchen' le UB40 á sheinm agus thosaigh troid sa chófra le haghaidh Taking Stock. Ceapadh gach nead le, le haghaidh nó ag áitritheoirí na scoile, le tacaíocht ó sheachtar ealaíontóirí le leibhéil éagsúla rannpháirtíochta. An treoraí a bhí ann le haghaidh gach promanáide ná páiste (éanbhreathnóir). Thosaigh aistear an lucht féachana agus iad sáite isteach i bhfoscadán aer-ruathair agus iad ag éisteacht le guthanna páistí 10 mbliana d'aois ag déanamh cur síos ar an uair a bhuail buama iad. Bás máthar, féinmharú aintín, cailliúint budragáir, dúnmharú madra, fágáil athar. Nead ciúnais a bhí sa nead deireanach, a ceapadh leis an gceapadóir Jules Maxwell.[14]



*Fíor 5. Nest, ceann de cheithre shuiteán déag don imeacht Promanáide a bhí mar bhuaicphointe le haghaidh tionscadal Nest, 'foscadán aer-ruathair' ina bhféadfadh lucht féachana/éisteachta éisteacht le guthanna páistí 10 mbliana d'aois ag déanamh cur síos ar an uair a bhuail 'buama' iad.*

Chun próisis agus torthaí *Nest* a leagan amach mar fhoghlaim, tagraím d'Anna Cutler, Stiúrthóir Foghlama agus Taighde ag The Tate, Sasana, ina halt ó 2010 '*What is to be done Sandra?'*. Ina hathfhriotal thíos tugann sí breac-chuntas ar choincheap na foghlama laistigh de shuíomhanna foirmiúla (m.sh. scoil) agus neamhfhoirmiúil (m.sh. dánlann, club óige) agus breathnaíonn sí ar choincheapa an 'oideachais' agus na 'foghlama'.

[14] Sally Mackey agus Sarah Cole, (2013), 'Cuckoos in the *Nest*: Performing place, artists and excess', *Applied Theatre Research* 1: 1, doi: 10.1386/atr.1.1.43_1, 43

> Trí iarracht a dhéanamh na difríochtaí idir rudaí atá foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a dhéanamh amach, nó fiosrú a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí eatarthu agus iad a mhíniú, thosaigh mé ar théarmaí níos sonraí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an oideachas. Tá roinnt slite éagsúla ann chun coincheap na foghlama a fhiosrú, ag brath ar an réimse ina bhfuil tú.
> Rinne néareolaithe cur síos air mar an próiseas néareolaíoch i dtaca le sonraí nua a ghlacadh agus a phróiseáil. Míníonn siad go bhfuil an déanamh céanna i ngach duine daonna i dtaobh na foghlama. Glactar eolas san intinn ó spreagthaigh sheachtracha áit ina scagtar é trí líonraí anailíseacha agus mothúchánacha agus ansin stóráiltear é mar chuimhne (nó diúltaítear é ar an mbealach). Sórtálann an próiseas chognaíoch seo (is é sin le rá, próiseas ina sealbhaímid agus ina mbainistímid eolas) an mhaith ón olc, agus cuireann sé ar ár gcumas cinntí a dhéanamh maidir lenar cheart a stóráil agus lenar cheart fáil réidh leis. Dhéanfaidís argóint mar sin nach ann d'aon fhoghlaim fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil. Níl ach cineál amháin ann (díreach foghlaim), agus nach bhfuil ann ach go bhfuil na suíomhanna agus na cuir chuige difriúil....
>
> Ar an taobh eile, seans go ndéanfaí sainmhíniú ar Oideachas mar na struchtúir agus na córais a bunaíodh chun an fhoghlaim a bhainistiú agus a threorú: *an méid* a fhoghlaimímid/múinimid; *an chúis* go bhfoghlaimímid/múinimid é; agus *an tslí* ina múinimid/bhfoghlaimímid é. Is struchtúir iad seo bunaithe ar thacar luachanna a chinntear go sóisialta. Ciallaíonn sé seo gur idé-eolaíocht a thiomáineann an t-oideachas (is é atá i gceist agam le hidé-eolaíocht ná an céimlathas luachanna a chaomhnaítear go ceannasach). I bhfianaise go dtugtar tús áite d'fhoghlaim fhoirmiúil inár sochaí, is gnáth go gcuirtear lipéad ar an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil mar ghníomh féin-fheabhsúcháin nó fóillíochta, a chuireann easpa riachtanais nó dáiríreachta in iúl. Nuair a chuirtear i gcomparáid leis an gcóras foirmiúil é, is minic nach mbaineann sé an sprioc amach. I bhfianaise an cháis idé-eolaíochta seo, conas go mbeadh aon chasadh eile ar an scéal?[15]

Tagraíonn Cutler do shamplaí de spásanna foghlama neamhfhoirmiúla ar nós clubanna óige nó gailearaithe. Bíodh agus gur d'oibrigh Sarah Cole agus a foireann i scoil – spás atá leabaithe laistigh de chóras oideachais a thugann tús áite d'fhoghlaim fhoirmiúil, dhéanfainn argóint go raibh an t-ealaíontóir Sarah Cole gníomhach agus í ag tabhairt spás níos sainiúla do réimse an tsaoil phearsanta (nó saol baile), atá claonta níos mó i dtreo réimse na foghlama neamhfhoirmiúla, laistigh de shuíomh na scoile. Is féidir an léiriú mothúchánach a bhaineann le roinnt den saothar cruthaitheach a léiriú sa chur síos a rinneadh cheana ar an 'bhfoscadán aer-ruathair' inar chruthaigh na scoláirí agus an t-ealaíontóir saothar bunaithe ar thréimhsí inar bhuail buama mothúchánach iad. Leis an saothar seo agus le saothar eile, tugadh saincheisteanna pearsanta agus a bhí dúshlánach i dtaobh mothúcháin de isteach i réim níos poiblí na scoile, agus a pobal.[16] D'fhéadfaí argóint a dhéanamh go raibh saincheisteanna mothúchánacha ag pléascadh amach laistigh de shaol scoile na scoláirí pé scéal é, de réir mar a dhéanann Sarah cur síos ar mbraistint a bhí ag na múinteoirí go raibh siad á bplúchadh ag fairsinge na riachtanas a bhí ag na scoláirí a raibh

---

[15] Anna Cutler, 'What Is To Be Done, Sandra? Learning in Cultural Institutions of the Twenty-First Century', in *Tate Papers*, uimh.13, Earrach 2010, https://www.tate.org.uk/research/publications/tate-papers/13/what-is-to-be-done-sandra-learning-in-cultural-institutions-of-the-twenty-first-century, rochtain ar an 30 Aibreán 2019.

[16] Is dócha go raibh íogaireacht ar leith de dhíth ar na healaíontóirí a bhí i mbun éascaithe agus iad ag dul isteach sa suíomh deacair seo, rud a gcabhródh fad an tionscadail leis. Ba léir go raibh sé deacair do na healaíontóirí ar bhonn mothúchánach chomh maith - luaigh Sarah gur tairgeadh comhairleoireacht don fhoireann. Labhair duine de na healaíontóirí – Julian Walker – faoi na dúshláin sa téacs 'Cuckoos in the *Nest*:

Performing place, artists and excess’: Labhair sé faoi bheith ‘ag teacht isteach agus amach’ ón tionscadal agus cé chomh deacair agus a bhraith sé é – go háirithe le roinnt de na fadhbanna a raibh na daltaí ag tabhairt aghaidh orthu. Bhraithfeá ciontach nuair a bhí a fhios agat go mbeadh ort imeacht ón gcás... d’fhéadfaí a bheith báite i léiriú bróin agus frustrachais ón bhfoireann agus ó dhaltaí. Thug Julian le fios go raibh ort suim a chur ann – ‘is é sin 90 faoin gcéad den chúis go bhfuil tú á dhéanamh’ – mar sin féin, mar aon le roinnt ealaíontóirí eile, bhí éadóchas air, agus bhraith sé uaireanta nach bhféadfadh sé cabhrú le daltaí aonair le fadhbanna fadtéarmacha.’

roinnt ‘buachaillí caillte’ a bhíodh le fáil sna dorchlaí de ghnáth[17], agus leadrán agus easpa brí orthu i ndiaidh dóibh a bheith díbeartha ón seomra, mar thoradh air.

I gcaitheamh an tionscadail chuir Sarah suim i dteoiric Hakim Bey maidir leis an Limistéar Féinriartha Sealadach, ‘agus na slite inar féidir le daoine fásta dul in oiriúint do chás Limistéar Féinriartha Sealadach chomh maith más cuí iad an comhthéacs agus an ábharthacht. Trí úsáid seifteanna amharclannaíochta, agus idirghabhálacha ailtireachta, rinne sí siúd agus a foireann athruithe d’ábhar agus do bhraistint na scoile, athruithe a spreag freagraí difriúla ó scoláirí, ó fhoireann agus ó chuairteoirí na scoile. Mar shampla, earcaíodh na buachaillí a luadh cheana, a bhíodh á ndíbirt ón seomra ranga i gcónaí, agus a bhí le fáil ag spaisteoireacht sna dorchlaí, chun seomra tuí ollmhór a thógáil i halla na scoile. Creideann Sarah go ndeachaigh na buachaillí seo i ngleic leis seo de bharr go raibh sé spraíúil agus fisiciúil agus de bharr gur rud é a bhféadfaidís úinéireacht a ghlacadh air. Leis an nead tuí, d’fheidhmigh na buachaillí mar chaomhnóirí an spáis i gcaitheamh na seachtaine a bhí sé ann. I gcaitheamh na seachtaine, lean na gnáthghníomhaíochtaí ar aghaidh agus tugann Sarah le fios gur ‘athraigh iompar daoine go mór nuair a chuaigh isteach sa ‘nead’... Bhain tuismitheoirí pléisiúr as agus bhí siad lánsásta nuair a tugadh cuireadh dóibh teacht isteach, seachas a bheith ag seasamh amuigh ag fanacht lena bpáistí, mar ba ghnáth. Chuir sé spás aisteach, fáilteach, bog agus beagáinín míchompordach a raibh boladh na talún uaidh, seachas an gnáthbholadh stálaithe ó bhróga canbháis agus allas.
An rud ba shuntasaí ná an méid a tharla nuair a bhaineamar an nead – cuireadh neart cumha nó bróin in iúl agus spreag sé seo dhá cheist ionam: Conas is féidir linn, i dtéarmaí oideolaíocha, an fhoghlaim a fhiosrú mar thimthriall cruthaithe agus scriosta gan féachaint ar an scriosadh mar thimthriall diúltach i gcónaí? D’fhiosraíomar é seo ar lá fánaíochta (bhí dhá lá fánaíochta againn ar dheireadh seachtainí i gcaitheamh na dtrí bliana leis an bhfoireann, Cúntóirí Teagaisc den chuid is mó, ar ar chaitheamar uair an chloig ag déanamh rudaí ag Dánlann Horniman agus ansin d’iarramar orthu iad a scriosadh agus a atógáil (mar a dhéanfadh éan le nead)...’ [18]

Agus creidiúint Sarah go dtarlaíonn an chuid is mó den fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga á léiriú, seans, reáchtáladh *Nest* i spásanna imeallacha sa scoil don chuid is mó – sna dorchlaí, sna hallaí, sa chistin, i spásanna lasmuigh. Bhí glacadh personae ainmhithe hibrideacha nó íomhánna de ríocht na n-ainmhithe, bíodh nead tuí, francaigh aráin, éanlanna... i gceist le hidirghabhálacha teoiriciúla eile a d’fheidhmigh i dtreo gnáthábhar na scoile a athrú. Déanann Sarah Cole cur síos ar chás de seo, agus ar ábharthacht cur chuige dá leithéid:

> Mhúin *Nest* an-chuid dom faoi chleachtas ealaíonta mar chineál oideolaíochta... faoi theagmhálacha corpartha eispéireasacha agus faoin luach a bhaineann le hoibriú ar an imeall. Chun tuairimí a fháil maidir lena bhféadfadh a bheith i gceist le ‘nead’, d’íoc mé cara, a bhí ina haisteoir (a bhí ag iompar clainne le roinnt mhaith míonna) gléasadh mar choinín ollmhór agus dul timpeall chuig na seomraí ranga ar fad ag fiafraí do gach páiste cén chiall a bhí ag ‘nead’ dar leo siúd. Is é seo an tslí ar thángamar ar an bhfrása “Tá nead uaim atá chomh dorcha le fionnadh piongain’... bhí sé i gceist agam roimhe sin iarradh ar an bhfoireann suirbhéireacht a dhéanamh ar na paistí ach bhí a fhios agam go raibh modh ceistiúcháin difriúil de dhíth chuige, modh a bhí teoiriciúil b’fhéidir ach d’fhéadfá freagairt do choinín mór i slí difriúil na mar a fhreagrófá múinteoir, cuireann sé spás ar fáil le haghaidh samhlaíochta agus bíonn a fhios agat go n-éistfidh coinín leat agus an méid a dúirt tú a bhreith leis síos poll...[19]

[17] Ó ríomhphost Sarah Cole chuig an údar, 15ú Aibreán 2019

[18] Ó ríomhphost Sarah Cole chuig an údar, 25ú Márta 2019

[19] Ó ríomhphost Sarah Cole chuig an údar, 25ú Márta 2019



*Fíor 6 Líníocht le Talya Baldwin, óna leabhar pictiúr do pháistí, a coimisiúnaíodh mar chuid den tionscadal*



*Fíor 6, Walking on Eggshells, saothar a forbraíodh leis an bhfoireann*

Agus sinn ag tabhairt athchuairt ar '*The Enchantment of Modern Life, Attachments, Crossings and Ethics',* tá caibidil iomlán ag an údar Jane Bennett maidir le meiteachlaochlú agus ainmhithe hibrideacha agus an tionchar draíochtúil a bhíonn acu. Feiceann sí na hainmhithe aistritheacha seo mar léirithe ar an tsaoirse agus ar an acmhainneacht, tréithe a ghintear trí bhraistint soghluaisteachta coirp:

> Cuireann ainmhithe aistritheacha an fhéidearthacht maidir le hathrú i bhfeidhm; tugann a láithreacht beagáinín den aistriú dainséarach leo ach é corraitheach agus meadhránach chomh maith. Is é atá i gceist le bheith i do chónaí i measc nó in aice le trasrian ná gluaiseacht a bheith tugtha chun cuimhne, agus is imeacht sómatach é an cur i gcuimhne seo chomh maith. An buile faoi thuairim atá agamsa ná seo: cuireann hibridigh sinn faoi dhraíocht sa tslí chéanna agus gur féidir le gluaiseacht coirp sinn a bhreith chuig saol eile – smaoinigh ar rince nó ar anáil mhear a tharraingt agus ar an mothú a fhaightear i ndiaidh go mbrúitear go crua tú ar luascán. D'fhéadfaí cuid de théagar polaitiúil an téarma 'saoirse' a rianú siar chuig an gceangal a bhí aige leis an bpléisiúr a bhain le gluaiseacht coirp.[20]

Agus an pointe a luaigh mé níos luaithe ó 'The Enchantment of Modern Life' le Jane Bennett á thabhairt chun cuimhne, is minic a bíonn tréithe ábhartha agus aeistéitiúla ag an gcleachtas ealaíne agus é de chumas ag na tréithe sin braistint áthais a ghiniúint, rud atá ríthábhachtach i dtaca le duine a athrú ó staid éadóchais chuig staid ina bhfuil suim acu sa saol agus sna daoine a roinneann siad an domhan leo, sínim é seo chuig *Nest* agus chuig braistint suime atá riachtanach le go mbraithfeadh na scoláirí sábháilte na himeachtaí saoil íogaire agus pianmhara a bhí ina ábhar ealaíne acu a bheith léirithe acu agus iad tar éis oibriú go cruthaitheach agus go comhoibríoch leo.

Bhí baint ag pobal uile na scoile le *Nest* – na páistí, na tuismitheoirí/caomhnóirí, na cúntóirí teagaisc, an príomhoide, baill foirne eile agus na múinteoirí. Déantar cur síos ar fhreagairt tuismitheoir amháin thíos ón téacs 'Cuckoos in the Nest' a luadh cheana:

> Cuimhníonn áitritheoirí níos fadtéarmaí thionscadal *Nest* ar mhothachtáil dá leithéid trí bliana níos déanaí. Scríobh duine de na tuismitheoirí (atá ina chúntóir teagaisc anois) maidir leis an eispéireas le tréine lom, a léirigh an pléisiúr a bhain le tionscadal *Nest* chomh maith le caoineadh a dhéanamh a dheireadh: 'Thóg gach tuismitheoir a gcuid uirlisí leo agus lean siad orthu ag tógáil ar na nithe a d'fhoghlaim siad fúthu féin. Cén fáth go mbeadh aon duine ag iarraidh go gcríochnódh sé?' (facs, 3 Deireadh Fómhair 2011) Bhí sí ar cheann de na tuismitheoirí a bhí i mbun taibhithe sa seomra aclaíochta, í ag crochadh bunoscionn mar léiriú ar an ngleacaíocht a bhí i gceist lena saol. Bhí tionchar ollmhór ag an tionscadal uirthi; thug sí roinnt samplaí de na slite inar bhraith sí níos muiníní agus í ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí nua, lena n-áirítear taibhiú agus ról-ghlacadh, chomh maith leis na héifeachtaí fadmharthanacha a bhí aige ar an scoil trí reacaireachtaí an tionscadail a cuireadh ar aghaidh chuig neart baill foirne nua. 'Ní féidir *Nest* a rá gan meangadh gáire a dhéanamh.' (agallamh, 28 Meán Fómhair 2011) chreid sí go raibh an imeacht tar éis forbairt ina thréimhse chultúrtha mhothálach i stair na scoile a d'athraigh atmaisféar na hinstitiúide i bhfírinne. [21]

Ba iad seo a leanas roinnt tionchair eile a luadh sa téacs céanna in agallamh leis an bpríomhoide Diane Pilgrim (dhá bhliain i ndiaidh dheireadh an tionscadail):

> Bíonn tú ag obair laistigh de theorainneacha fíorchúng ar scoil uaireanta agus ba mhór an phribhléid é oibriú lasmuigh de sin – oibriú le daoine chomh cruthaitheach sin.' Labhair dí faoi thionchar inbhraite fadmharthanach chomh maith. Ar an gcéad dul síos is gníomhaíocht é Céadaoin na mBuataisí (*Welly Wednesday*) a spreag cur chuige neamhghnách an tionscadail, gach dara maidin Céadaoin i gcaitheamh na bliana, oibríonn daltaí na naíscoile agus na hoifige fáilte (aois 3-5) lasmuigh, agus iad ag éalú ón seomra ranga foirmiúil. An dara rud ná gur mheall an nead bhunaidh a thóg Mark

[20] Jane, Bennett. 2016. *The Enchantment of Modern Life: Attachments, Crossings, and Ethics*. Rights, Action, and Social Responsibility. Princeton: Princeton University Press, 26

[21] Sally Mackey agus Sarah Cole, (2013), 'Cuckoos in the *Nest*: Performing place, artists and excess', *Applied Theatre Research* 1: 1, doi: 10.1386/atr.1.1.43_1, 58-59

Storor in halla na scoile daltaí, baill foirne agus neart gníomhaíochtaí eile. D'aithin Pilgrim an ról 'cothaithe' cumhachtach a chomhlíon an nead i gcaitheamh na chéad seachtaine ónar suiteáladh í, inar roinn daltaí smaointe nár cuireadh i bhfocal le Sarah agus le Mark: bhí sé seo ríthábhachtach maidir le *Nest* a spreagadh. Mar thoradh air seo chruthaigh Pilgrim '*The Nurture Club'* ina dhiaidh sin, i gcomhar le teagascóir tacaíochta foghlama. Sainaithnítear daltaí a gcaithfidh tú a bheith cúramach faoina ndeir tú leo, agus i ndiaidh céad leath téarma na bliana acadúla, caitheann siad gach tráthnóna sa seomra 'tacaíochta' (*booster*), suíomh an *Nurture Club*, le hoibrí tacaíochta speisialaithe.
Maireann sé seo ar feadh leath téarma agus é ag tosú amach agus ag críochnú le próifíl féinmheasa.[22]




*Fíor 7. An 'Airing Cupboard' – bhí tuismitheoir tar éis scríobh ar an talamh le ithir, mar chuid de thaibhiú*

**Dúshláin**

Luann Sarah nár oibrigh sí le bunscoil ón uair a rinne sí *Nest*, toisc gur fearr léi oibriú le déagóirí agus le daoine níos sine, agus gur minic a deir sí lena cuid scoláirí go bhfuil scoileanna ar na háiteanna is lú cruthaitheachta (is léachtóir í in Central Saint Martins ag Ollscoil Londan). Chomh maith leis sin, chuir an múinteoir Stephanie Cubbin na dúshláin a d'aithin Sarah Cole, maidir le hionchais ó scoláirí agus ó mhúinteoirí le haghaidh torthaí socraithe ó cheachtanna[23], in iúl arís in *Subverted Curriculum*[24]. Is dhá shaincheist idircheangailte iad seo a ardaíonn an cheist 'conas gur féidir linn a bheith den tuiscint go bhfuil an fhoghlaim cruthaitheach?', 'conas gur féidir linn áiteanna níos cruthaithí a dhéanamh de scoileanna?' agus le bheith níos sonraí faoi, má chaithfear ealaíontóirí a thabhairt isteach i scoileanna chun go dtarlódh sé seo, 'cad é an tslí is fearr go bhféadfaimis tacú le healaíontóirí é seo a dhéanamh?'. Agus coincheap Jane

---

[22] Sally Mackey agus Sarah Cole, (2013), 'Cuckoos in the *Nest*: Performing place, artists and excess', *Applied Theatre Research* 1: 1, doi: 10.1386/atr.1.1.43_1, 58-59

[23] Ó ríomhphost Sarah Cole chuig an údar, 25ú Márta 2019
[24] A Subverted Curriculum, 104-105

Bennett maidir leis an draíocht á lua arís agam, ní fheadar an mbeadh sé níos éasca an tacaíocht seo a fháil dá mbeadh cion níos mó den fhoireann teagaisc 'faoi dhraíocht' ag an gcleachtas ealaíne comhaimseartha iad féin.

**Conclúid**
Trí na cás-staidéir seo, d'fhiosraigh an téacs seo an méid atá le cur ar fáil ag an gcleachtas ealaíne comhaimseartha i gcomhthéacs na scoile i dtaca le foghlaim, i dtaobh na modhanna agus na n-ábhar fiosrúcháin araon. Trí shleachta ó théacsanna le Allan Sekula, Emily Pringle, John Dewey, agus Anna Cutler, rinneadh meas ar nádúr na foghlama agus an oideachais, agus na díospóireachtaí atá ann fós i dtaca leis an méid a fhoghlaimímid, agus go háirithe i dtaca leis an tslí ina bhfoghlaimímid, san oideachas foirmiúil. Sainaithníodh go bhfuil fadhb leis an róbhéim a chuirtear ar chur chuige oideachais a iarrann go rómhinic ar an scoláire fíricí a 'thomhailt' chun iad a thabhairt chun cuimhne nuair a éilítear iad, toisc gur féidir a argóint go gcothaíonn sé éighníomhaíocht. Mar fhreagra air seo, thug mé le fios go raibh tréith 'gan fios a bheith agat' fíorúsáideach i dtaca le dul i ngleic le fíorfhiosrúchán ar an topaic seo.

Léirigh an téacs seo an tslí inar oibrigh an compántas ealaíontóirí *Ultra-red* le scoláirí chun atmaisféar gan fios a bheith agat a ghiniúint trí shiúlóidí fuaime, eispéireas a bhí idir ilchéadfach, machnamhach, rannpháirtíoch go criticiúil (ceisteanna réamhullmhaithe) agus aeistéitiúil. Agus na siúlóidí fuaime á gceangal le fiosrú na trialach saoránachta, tugadh an deis do na scoláirí a ngnáthchomharsanacht laethúil a cheangal le coincheap na mbeartas saoránachta agus inimirce, agus é seo a cheangal leis an gcóras oideachais a bhfuil siad mar chuid de.
Leis an saothar ealaíne 'leabhar iomann', léirigh mé an tslí a raibh gá leis an eolas a gineadh i bpróiseas déanta an tsaothair ealaíne fuaime seo –saothar ealaíne a éilíonn ar dhaoine comhbhá a bheith acu le daoine daonna eile (agus a bhí lonnaithe i spás reiligiúnach ar deireadh) – chun é a tháirgeadh.

Rinne mé tagairt do théacs Jane Bennett 'The Enchantment of Modern Life', agus mé ag tacú le ról ealaíontóirí gairmiúla i mbun cleachtais i scoileanna, i dtaca le háthas agus folláine a ghiniúint, agus na féidearthacht atá sna tréithe seo cur lenár gcumas cúram a dhéanamh do dhaoine. Leag mé síos an tslí inar oibrigh Sarah Cole agus a comhealaíontóirí chun spásanna 'beagáinín míchompordach' a chruthú laistigh den scoil trí sheifteanna amharclannaíochta agus trí idirghabhálacha ailtireachta, agus thaispeáin mé an tslí inar spreag na hidirghabhálacha seo freagraí agus comhráite ailtéarnacha ó scoláirí, ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí na scoile. Léirigh mé an tslí ina ndeachaigh *Nest* i ngleic le rannpháirtithe i réimse na nithe pearsanta, agus buntáistí fadmharthanacha an chur chuige sin de réir mar a léirigh cinneadh na scoile 'Nurture Club' a chur i bhfeidhm laistigh den scoil (i measc rudaí eile), mar spás le haghaidh comhráite pearsanta idir páistí agus an t-oibrí tacaíochta.

Laistigh den téacs seo, thaispeáin mé an tslí inar thug an t-ealaíontóir Sarah Cole agus an fhoireann, agus an compántas ealaíontóirí *Ultra-red*, soghluaisteacht ilchéadfach agus choirp isteach san eispéireas foghlama; tríd an seomra ranga a fhágáil, na céadfaí a ghníomhú go coinsiasach; agus i gcás *Nest*, ábharthacht na scoile a choigeartú.

Go hachomair, trí na cás-staidéir seo, rinne mé fiosrú gairid ar na héifeachtaí dearfacha is féidir le cónaitheachtaí ealaíontóirí i scoileanna a bheith acu ar an gcaighdeán foghlama, ar an gcultúr scoile agus ar shaolta daoine aonair.

**Nótaí maidir leis na hacmhainní**
De réir mar a luadh ag tús an téacs seo, seachas caighdeán an tsaothair, roghnaigh mé an dá thionscadal seo le taighde a dhéanamh orthu mar gheall ar an méid suntasach ama a bhí i gceist leo. Samplaí corraitheacha ab ea na tionscadail seo le go ndéanfainn scrúdú orthu, agus go ndéanfadh an léitheoir meas air, i dtaca le héifeachtaí an chleachtais ealaíne ar an oideachas de bharr an téagair a bhí iontu agus de bharr na cáipéisíochta a bhí ar fáil maidir leo. Mar sin féin, d'fhéadfadh oideachasóirí a léann an téacs seo a bheith

ag cuimhneach conas a d’fhéadfadh institiúid oideachais rochtain a fháil ar na hacmhainní a bheadh de dhíth le haghaidh tionscadal dá leithéid. Níl aon fhreagra simplí ar an gceist sin ach tá acmhainní ann amhail Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon atá

oscailte do scoileanna a bhfuil foirgneamh nuathógtha nó síneadh acu, a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh clár ealaíontóir cónaithe, seachas le haghaidh táirgeadh saothar ealaíne buan. I láthair na huaire ní bheadh buiséid Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon atá ar fáil do scoileanna ar chóimhéid le buiséid an dá thionscadal a ndéantar próifíliú orthu anseo ach seans go bhféadfaidís go leor airgid a chur ar fáil chun go n-oibreodh ealaíontóir i scoil le haghaidh bliana nó níos mó, ag brath ar an tiomantas ama a aontaíonn an ealaíontóir leis an scoil.

Cuireann scéimeanna eile ar nós Scoileanna Ildánacha slite ar fáil do scoileanna oibriú le healaíontóirí, bíodh agus gur i slite níos lú ná na tionscadail a ndéantar cur síos orthu anseo a bheadh i gceist. Tá ealaíontóirí ó gach réimse, coimeádaithe agus comhairleoirí ealaíne ann a d'fhéadfadh suim a bheith acu oibriú i gcomhpháirtíocht le scoil thiomanta, agus a mbeadh na scileanna agus an t-eolas cuí acu maoiniú a lorg le haghaidh comhpháirtíochta dá leithéid.

**Leabharliosta**


Allen, Felicity (eag), '*Education, Documents of Contemporary Art'*, Londain; Cambridge, Massachusetts: Whitechapel Gallery, MIT Press, 2911.

Bennett, Jane, *'The Enchantment of Modern Life: Attachments, Crossings, and Ethics',* New Jersey, Princeton University Press, 2016, googlebooks.

Cubbin, Stephanie, le Ultra-Red, *The School and the Neighbourhood: A Subverted Curriculum',* Possible Studies Pamphlets, Hato Press, 2016

Cutler, Anna, *'What Is To Be Done, Sandra? Learning in Cultural Institutions of the Twenty-First Century'*, in *Tate Papers*, uimh.13, Earrach 2010, https://www.tate.org.uk/research/publications/tate-papers/13/what-is-to-be-done-sandra-learning-in-cultural-institutions-of-the-twenty-first-century, rochtain ar an 30 Aibreán 2019.

Mackey, S. agus Cole, S. (2013), *'Cuckoos in the Nest: Performing place, artists and excess',* Applied Theatre Research 1:1, lgh. 43–61, doi: 10.1386/atr.1.1.43_1

O'Neill, Paul & Doherty, Claire (eag.); *'Locating the Producers Durational Approaches to Public Art'*, Amstardam, Antennae, 2009.

Pringle, Emily, *The Artist as Educator: Examining Relationships between Art Practice and Pedagogy in the Gallery Context,* in *Tate Papers*, uimh.11, Earrach 2009, rochtain ar an 20ú Márta 2019, https://www.tate.org.uk/research/publications/tate-papers/11/artist-as-educator-examining-relationships-between-art-practice-and-pedagogy-in-gallery-context.

Tallant, Sally, *'Experiments in Integrated Programming'*, in *Tate Papers*, uimh.11, Earrach 2009,https://www.tate.org.uk/research/publications/tate-papers/11/experiments-in-integrated-programming, rochtain ar an 30 Aibreán 2019.

Van Manen, M. (n.d.) Rochtain ar an 1 Bealtaine, 2019. '*Phenomenology: Phenomenology in Philosophical Issues in Educational Research'*. Faighte ó http://www.maxvanmanen.com/files/2014/07/SAGEPhenomenology.pdf

Van Manen, M. (n.d.) Rochtain ar an 1 Bealtaine, 2019. '*Phenomenological Pedagogy: Phenomenology in Philosophical Issues in Educational Research*'. Faighte ó http://www.maxvanmanen.com/files/2014/03/2014-SAGE-Phenomenological-Pedagogy.pdf

Acmhainní eile:

Suíomh Idirlín Tionscadail *Nest*: http://www.nest-life.com/

Ceisteanna agus Freagraí leis an ealaíontóir Sarah Cole, maidir lena hobair ar *Nest*:
https://soundcloud.com/artquest/socially-engaged-practice-2?in=artquest/sets/the-real-world

RE:ASSEMBLY leathanach gréasáin taispeántais ar shuíomh idirlín Dánlann Serpentine:
https://www.serpentinegalleries.org/exhibitions-events/ultra-reds-reassembly

**Beathaisnéis Cleo Fagan**
Is í Cleo Fagan bunaitheoir agus stiúrthóir *Superprojects* - tionscnamh do lucht féachana óg a ghineann féidearthachtaí maidir le teagmhálacha cruthaitheacha le healaín agus le healaíontóirí comhaimseartha.
Áirítear le saothar Superprojects ceardlann scoilbhunaithe agus cláir chónaitheachta d'ealaíontóirí, coimisiúin *Per Cent for Art*, imeachtaí féilte agus cláir taispeántais (ina bhfuil leanaí lárnach) a osclaíonn saibhreas an chleachtais ealaíne comhaimseartha náisiúnta agus idirnáisiúnta do rannpháirtithe leanaí
; agus iad ag cothú a bhforbartha go gníomhach mar dhéantóirí brí agus mar ealaíontóirí. I measc na dtionscadal a rinneadh le déanaí tá Elemental – taispeántas de dhealbhóireacht chomhaimseartha, go háirithe do leanaí, le saothar nua-choimisiúnaithe leis an ealaíontóir Caoimhe Kilfeather agus saothar a bhí ann cheana leis an ealaíontóir Karl Burke, agus spás freagartha cruthaitheach deartha agus cruthaithe ag múinteoir bunscoile cleachtach agus ag an ealaíontóir oilte Anne Bradley. Cuireadh *Elemental* ar taispeáint ag *Uillinn*: Ionad Ealaíon Iarthar Chorcaí ó Eanáir – Márta 2019, le saothar coimisiúnaithe comhoibríoch leis an ealaíontóir Siobhán McGibbon agus grúpa leanaí rang a 3, 4 agus 5 ó Scoil Náisiúnta an Droma Mhóir i mBeanntraí. Taispeánfar *Elemental* in *Visual*, Ceatharlach, ó Mheán Fómhair 2019 – Eanáir 2020.

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil ar Superprojects tabhair cuairt ar: www.superprojects.org

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

Arna Choimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas © 2019